



## An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

### Preas Ráiteas Press Statement

#### Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2012

Tá *Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2012* á foilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Léiríonn an bhliainiris pictiúr cuimsitheach d'Éire an lae inniu. Soláthraíonn sí eolas mionsonraithe, táblaí agus graif thar réimse leathan ábhar. San áireamh iontu seo tá daonra, lucht saothair, oideachas, coireacht, an geilleagar, talmhaíocht, tionscal, seirbhísí, praghsanna, tithíocht, geilleagar feasachta agus an timpeallacht.

#### Daoine

- B'ionann iomlán an daonra a áiríodh ar oíche an daonáirimh 10 Aibreán 2011 agus 4,588,252 duine, i gcomparáid le 4,239,848 duine in Aibreán 2006, ag léiriú méadú 8.2% i dtréimhse chúig bliana.
- Tháinig méadú ar an líon daoine colscartha ó 59,534 go 87,770 idir 2006 agus 2011, méadú de chuid 47.4%.
- Cláraíodh 74,650 breith sa bhliain 2011, laghdú de chuid 326 ón mbliain 2010.
- B'iad Jack (gan athrú ón mbliain 2007) agus Emily na hainmneacha is coitianta do leanaí in 2011.

#### Obair

- Thit an líon daoine i bhfostaíocht ó 1.859 milliún in 2010 go 1.821 milliún in 2011.
- B'ionann líon na ndaoine dífhostaithe in 2011 agus 304,500, i gcomparáid le 293,600 in 2010, méadú de chuid 3.7%.
- Taifeadadh na laghduithe is mó i meántuillimh seachtainiúla san earnáil Tógála (-13.4%) agus sna hearnálach Ealaíon, siamsaíochta, áineasa agus gníomhaíochtaí seirbhíse eile (-12.7%).
- B'ionann meántuillimh bliantúla don bhliain 2011 agus €35,924 thar earnálacha geilleagracha uile, laghdú de chuid €193 ó fhigiúr na bliana 2010 de chuid €36,117.

#### Geilleagar agus Airgeadas

- In 2011, laghdaigh OTN i bpraghsanna comhsheasmhacha faoi 2.5% i gcomparáid le 2010. In larmhéid Ginearálta an Rialtais chonacthas easnamh de chuid €20,158m in 2011 i gcomparáid le barr-easnamh de chuid €48,426m in 2010.
- B'ionann meánráta boilscithe na bliana 2011 agus +2.6%, suas ó -1.0% in 2010.
- Thit an Praghasinnéacs Réadmhaoine Cónaithí náisiúnta faoi 13.2% in 2011.
- B'ionann easpórtálacha don bhliain 2011 agus €92,936m, suas 4% ón mbliain 2010, le hiompórtálacha cothrom le €48,238m, suas 5%. Mar thoradh air seo bhí farasbarr trádála de chuid €44,697m (+3%), an farasbarr bliantúil is airde ar thaifead.

Tuilleadh/...

## **Dálaí Sóisialta, Sláinte agus Oideachas**

- Mhéadaigh líon na bhfaighteoirí Tacaíochtaí Lucht Cuardaigh Fostaíochta faoi 161.4% idir 2003 agus 2011, leis an líon daoine ag fáil íocaíochtaí Breoiteachta, Míchumais agus Cúraim ag méadú faoi 37.1% sa tréimhse chéanna.
- B'ionann an líon daoine a maraíodh ar na bóithre in 2010 agus 212, síos 26 (10.9%) i gcomparáid le figiúr na bliana 2009, arbh ionann é agus 238.
- In 2011 bhí cáilíocht tríú leibhéal ag 32.6% de dhaoine d'aois 15 go 64.
- In 2010 bhí an ráta díothachta (ag siúd ag tabhairt aghaidh ar dhá chineál díothachta forghníomhaithe nó níos mó) ag nach mór 23% i gcomparáid le díreach os cionn 17% sa bhliain 2009.

## **Tógáil agus Foirgníocht**

- Tháinig laghdú ar líon na gceadanna pleanála bronnta i ndáil le háitribh nua ó 6,347 go 4,744 idir 2010 agus 2011, is ionann sin agus laghdú 25.3%.

## **Geilleagar Feasachta**

- In 2011 bhí 5.5 milliún suibscríbhinní fóin phóca in Éirinn. Thit an meánioncam in aghaidh an úsáideora ó €34 sa mhí go €30 i gcaitheamh na tréimhse 2010 go 2011.

## **Talmhaíocht agus an Timpeallacht**

- Idir 2005 agus 2011 d'ardaigh praghsanna aschurtha na talmhaíochta faoi 27.8%, le praghsanna ionchuir ag ardú 29.2%.
- I Meitheamh 2011 bhí 6.5 milliún eallach, 4.8 milliún caora agus 1.5 milliún muc.
- Mhéadaigh líon iomlán na bhfeithiclí cláraithe faoi 136.9% i gcaitheamh na tréimhse 1990-2008, roimh meathlú faoi 3.3% idir 2008 agus 2010. Bhí patrún comhchosúil i gceist le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> ó iompar ar bhóithre, ag méadú faoi 193.3% ó 1990-2007 roimh titim faoi 20.4% sa tréimhse 2007-2010.

## **Coireacht**

- In 2010, taifeadadh os cionn 40% de bhuirgléireachtaí i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- In 2011 bhí 13,894 Gardaí, laghdaithe ó 14,377 in 2010.

## **Turasóireacht agus Iompar**

- Thit cuairteanna thar lear ag cónaitheoirí Éireannacha faoi 5.1% in 2010 go 6,660,000 i gcomparáid le 2009.
- Laghdaigh caiteachas in Éirinn (seachas táillí) ag cuairteoirí iasachta faoi 12.7% idir 2009 agus 2010, ó €3,410 milliún go €2,976 milliún.
- Ar an iomlán rinneadh 116,825 tástáil tiomána in 2010 agus gnóthaíodh ráta pas foriomlán de chuid 51%.
- As an 86,932 carr príobháideach nua arna gceadúnú don chéadúair in 2011, feithiclí peitрил ba ea 23,246 (27%) agus feithiclí díosail ba ea 61,730 (71%).

Ba mhaith leis an CSO buíochas a ghabháil leis na ranna, na gníomhaireachtaí agus na daoine aonair go léir a chuidigh leis na sonraí a bhailiú don Bhliainiris, lena n-áirítear iad siúd i dTuaisceart Éireann atá tar éis ábhar a sholáthar don Aguisín.

Tá téacs iomlán na Bliainirise Staidrimh ar fáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an CSO ag:

<http://cso.ie/shorturl.aspx/122>

Is féidir an Bhliainiris Staidrimh a cheannach ó:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Roinn Eolais, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Oifig Dhíolta Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2 nó trí aon díoltóir leabhar

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil le Eamonn Dorney. Guthán 021-4535036, facs 021-4535555, rphost [information@cso.ie](mailto:information@cso.ie).

An Phríomh-Oifig Staidrimh

31 Deireadh Fómhair 2012